Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Stair

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2019

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)**

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc  Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***go han-mhaith*** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | | |
|---|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** | = 21-25 marc |
| | ***go maith*** | = 15-20 marc |
| | ***réasúnta*** | = 8-14 mharc |
| | ***go lag*** | = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** | = 14-17 marc |
| | ***go maith*** | = 10-13 mharc |
| | ***réasúnta*** | = 5-9 marc |
| | ***go lag*** | = 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

**_Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)_**
**_(100 marc)_**

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticeas (20 marc)
4. Comhthéacsúchán (20 marc)

**_1. Tuiscint (40 marc)_**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Mar go raibh siad óg agus oideachas maith orthu. (4 + 4) | 8M |
| (b) | D'oibrigh siad an-dian. | 8M |
| (c) | An 11 Samhain 1958. | 8M |
| (d) | Fairsingiú bunaithe ar easpórtáil. | 8M |
| (e) | Bhí sé praiticiúil agus bhí daoine báúil leis. (4 + 4) | 8M |

Uasmhéid = 40 marc

**_2. Comparáid (20 marc)_**

(a) I nDoiciméad A, luann Whitaker go raibh gá le hathruithe. Deir sé gur mhothaigh sé féin agus a chomhghleacaithe go raibh rudaí ag dul chomh mór sin in olcas gur chóir dóibh iarracht a dhéanamh rud dearfach a dhéanamh a tharraingeodh Éire amach as an tsáinn ina raibh sí. D'oibrigh siad an-dian chun athruithe a dhéanamh.

Luann Doiciméad B gur chuir an clár tús "le hathrú bunúsach" ar an bpolasaí eacnamaíochta in Éirinn. Dúradh faoin gClár i nuachtán amháin "gur las sé tine" trí sprioc a leagan amach le haghaidh athrú eacnamaíoch.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. Tagairt don dá dhoiciméad de dhíth. 2M + 4M + 4M Uasmhéid = 10M

(b) Ní thugann Doiciméad A aon sonraí dúinn i dtaca leis an méid a bheadh i gceist leis an gClár, ach amháin go ndeir sé go raibh Whitaker agus a chomhghleacaithe ag súil le hathruithe chun feabhais "ón taobh sóisialta agus ón taobh eacnamaíochta de".

Tagraíonn Doiciméad B don Chlár ó thús deireadh. Tar éis dó a rá linn cá huair a cuireadh an Clár faoi bhráid na Dála, sonraíonn sé go ndearnadh athrú bunúsach ar pholasaí eacnamaíochta na hÉireann ón bhféindóthain go dtí fairsingiú bunaithe ar easpórtáil. Tugann an doiciméad samplaí den dóigh ar fhreagair daoine a bhí i gcoinne an Chláir agus a lucht tacaíochta dó agus is é an tátal a bhaintear as an scéal ná go raibh daoine iontach báúil leis ar an iomlán mar go raibh teachtaireacht shimplí ann agus mar go raibh sé praiticiúil.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. Ní mór an dá dhoiciméad a lua. 2M + 4M +4M Uasmhéid = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) I doiciméad A, deir Whitaker linn nach bhfuair sé féin ná a chomhghleacaithe aon luach saothair breise as an obair a rinne siad. Deir sé nach raibh "aon tsúil acu le luach saothair".

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. (5 + 5) 10M

(b) Sonraíonn Doiciméad B gur líonmhaire i bhfad lucht tacaíochta an Chláir ná iad siúd a bhí ina choinne. Bhí an Clár praiticiúil agus bhí an teachtaireacht ann simplí. Mar sin, bhí polaiteoirí, lucht gnó agus gnáthmhuintir na hÉireann, idir lucht na cathrach agus lucht na tuaithe, báúil leis.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. (5 + 5) 10M

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20 marc

Tabhair faoi deara go mbaineann an cheist seo leis **an méid a baineadh amach** leis an gCéad Chlár um Fhairsingiú Geilleagrach.

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh maidir le ceithre Ráiteas Bhuntábhachta don Uasmhéid 20 marc.

***ROINN 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagra a thabhairt ar Thopaic **amháin** i Roinn 2 agus ar **dhá** Thopaic i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith*** | 9-10 marc |
| ***Go han-mhaith:*** | 7-8 marc |
| ***Go maith:*** | 5-6 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-4 mharc |
| ***Go dona:*** | 0-2 mharc |

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

# *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

## *ROINN 2: ÉIRE (100 marc)*

Ceisteanna le freagairt ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

A1. Gort breá prátaí/ faoi bhláth agus cumhra/ barr breá prátaí (6)
A2. Boladh uafásach ag teacht aníos ón ngort céanna/rud éigin tar éis tarlú do na prátaí sin (6)
A3. (Capall agus) carráiste (6)
A4. Dath dubh ar gach gort (3M) ní raibh aon fhréamh a d'fhéadfadh duine daonna a ithe (3M) (6)
A5. Tionchar bailí AMHÁIN a bhí ag an nGorta ar dhaonra na hÉireann (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*
**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

A1. (Lasmuigh nó laistigh de) Halla na Saoirse/táthar tar éis cistin bhia a bhunú (6)
A2. Ag baint an chraicinn de phrátaí (3M) agus ag gearradh feola (3M) (6)
A3. Ag stócáil na tine faoin gcoire/ Ag fáil uisce/ Ag tabhairt isteach cairn mhóra aráin DHÁ CHEANN ar bith @ 3M an ceann (6)
A4. Arán (3M) agus stobhach (3M) (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN faoi ról Murphy sa stailc agus sa fhrithdhúnadh (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

A1. Ciondáil peitril i bhfeidhm (do ghluaisteáin)/bhí orthu rothair a úsáid/aimsir chogaidh a bhí ann (6)
A2. Rothair (6)
A3. Mar bhí ganntanas páipéir ann do na nuachtáin/ Bhí níos lú cruinnithe toghcháin le clúdach (6)
A4. Fíorbheagán clúdaigh don toghchán/ Maolaíodh an feachtas/ Bheadh contúirt ag baint le hathrú ceannaireachta in aimsir chogaidh (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN ar thug Éire faoi pholasaí neodrachta (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A1. Ní théann. Go fiú ar lá scoile, bíonn páistí ar fud na sráideanna. (6)
A2. Ógchiontacht/ Striapachas (6)
A3. Mar dhaoine measúla (6)
A4. Daoine aineolacha (3M) agus daoine nach bhfuil aon dul chun cinn iontu (3M) (6)
A5. Cineál oibre AMHÁIN a tharraing eisimircigh as Éirinn chun na Breataine (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949 1993**

A1. Mar gur diúltaíodh do rún frith-Sunningale i gComhthionól Stormont (6)
A2. Soláthar leictreachais/soláthar cumhachta (6)
A3. Ceannairí Chomhairle Oibrithe Uladh (UWC) (6)
A4. Ní raibh aon tionchar láithreach aici (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN maidir leis an dóigh a ndeachaigh an stailc i bhfeidhm ar an bhfeidhmeannas roinnte cumhachta (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)*

<u>Ceisteanna le freagairt ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.</u>

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
### An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

A1. Camras/draoib (6)
A2. Le nach bhféadfaí bacainní a thógáil orthu (6)
A3. 65 troigh/ Sé stór (6)
A4. Bhí ar na díonta a bheith claonta ar uillinn 45 céim (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN faoi fheabhsúcháin sa tsláinte phoiblí mar gheall ar thionscnaimh Haussmann. (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

A1. Rinne siad cistí a leithdháileadh chun an cabhlach a fhás (6)
A2. Díograiseach/ Gaisciúil/ Ba bhreá leis a bheith ag briseadh buidéal ar longa nua (6)
A3. Díograis (an phobail) i leith an chabhlaigh (6)
A4. Tríd an *Dreadnought* a chur i bhfarraige ('Go tapa' LEIS FÉIN = 3M) (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN maidir le nádúr pholasaí *Weltpolitik* an Kaiser (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

A1. Sneachta/Éadaí troma (6)
A2. Crainn/adhmad/lomáin a tharraingt (6)
A3. Fuip (3M) agus raidhfil (3M) (6)
A4. Tá na fir faoi úim nó faoi cheangal agus iad á dtiomáint mar a bheadh ainmhithe ann/ Tá garda armáilte amháin ina sheasamh le gach grúpa de cheathrar/ Caithfidh na fir seasamh i líne, ag fanacht lena seal féin faoi úim/ Seans go n-úsáidfeadh an garda an fhuip nó an gunna ar na príosúnaigh/ Cuma dhian nó fhíochmhar ar an ngarda (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN a raibh Stalin ag iarraidh na *kulaks* a scriosadh (6)
B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945 1992**

A1. Rinneadh a chuid litreacha go léir a scrúdú/ Rinneadh an leathchuid dá chuid litreacha a choigistiú (6)
A2. An KGB (póilíní slándála an Stáit) (6)
A3. Bhí cuairteoirí á leanúint/stácáil nó spiaireacht á déanamh orthu (6)
A4. Comhráite teileafóin á dtaifeadadh/ Comhráite á dtaifeadadh (6)
A5. Fáth bailí AMHÁIN ar bhreathnaigh na húdaráis ar Solzhenitsyn mar scríbhneoir easaontach (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945 1990**

A1. Katanga (6)
A2. Chaillfeadh an Congó an cúige is saibhre dá chuid/ gach dóchas go bhféadfadh geilleagar na tíre a bheith inmharthana (6)
A3. Trúpaí na Beilge/An Bheilg (6)
A4. Chun an t-ord a chur ar bun arís sa chúige (Katanga) (6)
A5. An Bheilg (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945 1989**

A1. Baghcat mídhleathach (a threorú) (i gcoinne línte bus chathair Montgomery) (6)
A2. An 5 Nollaig (1955) (6)
A3. Mar gur dhiúltaigh sí a suíochán a thabhairt suas (do dhuine geal) (6)
A4. Dhiúltaigh siad dul ar bhusanna na cathrach (ar bhusanna chathair Montgomery ó shin i leith) (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN faoi thábhacht bhaghcat bus Montgomery maidir leis an ngluaiseacht Ceart Sibhialta (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2019

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN LUATH-AOIS

# GNÁTHLEIBHÉAL

*TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)*
*(100 marc)*

## TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

## PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)

Foinsí a lua = 6 mharc    Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| ***go han-mhaith*** | = 8-9 marc |
| ***go maith*** | = 6-7 marc |
| ***réasúnta*** | = 3-5 mharc |
| ***go lag*** | = 0-2 mharc |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** = 21-25 marc<br>***go maith*** = 15-20 marc<br>***réasúnta*** = 8-14 mharc<br>***go lag*** = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** = 14-17 marc<br>***go maith*** = 10-13 mharc<br>***réasúnta*** = 5-9 marc<br>***go lag*** = 0-4 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

**_Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)_**
**_(100 marc)_**

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticeas (20 marc)
4. Comhthéacsúchán (20 marc)

***1. Tuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Laois | 8M |
| (b) | Sé déag punt (in aghaidh na bliana) | 8M |
| (c) | An Fear Ionaid agus an Chomhairle | 8M |
| (d) | Daingean (in Uíbh Fhailí) | 8M |
| (e) | Sna coillte (ar an talamh a bronnadh in Uíbh Fhailí) | 8M |

Uasmhéid = 40 marc

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Tagraítear sa dá dhoiciméad don ghá go mbeadh 'dóthain arm' ag plandóirí. Luaitear i nDoiciméad A go mbeadh dóthain arm ag Cosby chun é féin a chosaint i Laois agus i seirbhís an Rí.

Luaitear i nDoiciméad B go mbeadh dóthain arm ag Fitzgerald chun é féin a chosaint in Uíbh Fhailí agus i seirbhís an Rí.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

(b) Aontaítear sa dá dhoiciméad go gcaithfidh Cosby agus Fitzgerald cánacha a íoc ar an gcúis chéanna, is é sin íoc as an dá dhún a chothabháil, ceann i Laois agus an ceann eile ag Daingean, Co. Uíbh Fhailí. Luaitear é sin sna téarmaí ceannann céanna i nDoiciméid A agus B.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Taispeántar sa dá dhoiciméad go bhfuil na hÉireannaigh dhúchasacha i Laois/Uíbh Fháilí le coinneáil amach as an talamh a leithdháileadh ar na plandóirí.
Luaitear i nDoiciméad A go simplí nach mbronnfaí talamh ar dhuine ar bith arbh ainm Ó Mórdha i Laois. Agus níorbh é duine de shloinne Uí Mhórdha amháin, an chlann ba láidre i Laois, ach duine ar bith ar a raibh sloinne ar a raibh blas Éireannach.
Luaitear i nDoiciméad B, focal ar fhocal beagnach, an riail chéanna lenar coinníodh teaghlaigh dhúchasacha Éireannacha amach as an talamh phlandáilte. Deir sé nach raibh aon talamh le tabhairt do dhuine de shloinne Uí Chonchubhair (an chlann Ghaelach ba mhó in Uíbh Fhailí), ná d'aon sloinne Gaelach dá leithéid.
Cé go raibh ainm Gaelach ar an duine ar bronnadh talamh air in Uíbh Fhailí, Redmond Óg Fitzgerald, níorbh fhadhb é sin don Rí toisc go bhféadfadh muinín a bheith aige i gclann Fitzgerald mar gheall ar a gcuntas teiste fada de chomhghuaillíocht, de dhílseacht agus de sheirbhís.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc    Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc    Réasúnta = 3-4 mharc
Lag = 0-2 mharc    10M

(b) Ní dhéantar tagairt ar bith 'd'éin chreiche' i nDoiciméad A, ach déantar i nDoiciméad B amháin. Críochnaíonn Doiciméad B trína rá nach n-áirítear fabhcúin agus cineálacha eile éan creiche a bhíonn ag pórú sna coillte mar chuid de bhronnadh talún don phlandóir. Is dócha gurbh é an chúis leis sin go raibh stádas ríoga ardluacha ag baint leis an bhfabhcún agus le héin chomhchosúla.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc    Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc    Réasúnta = 3-4 mharc
Lag = 0-2 mharc

Uasmhéid = 10M

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20M

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh as ceithre Ráiteas Buntábhachta chun na méid iomlán de 20 marc a fháil.

***Roinn 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagairt mar gheall ar Thopaic **amháin** i Roinn 2 agus **dhá** Topaic i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Go dona:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

# *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

***ROINN 2: ÉIRE (100 marc)***

<u>Ceisteanna le freagairt ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.</u>

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

A1. Daoine i gcoitinne/ John O'Mullony (6)
A2. 22 Iúil 1572 (6)
A3. Scian/ Knife (6)
A4. Baineadh an craiceann ar fad óna chlár éadain (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN ina mínítear an fáth a raibh Meiler McGrath conspóideach (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

A1. (Iardheisceart) na hAlban (6)
A2. Toisc gur cuireadh amach as a ngabháltais iad (6)
A3. Bhíodh aithne acu ar a chéile cheana uaireanta toisc gurbh ghaolta, chleithiúnaigh agus chomharsana iad" (6)
A4. Bhí níos mó caipitil (airgead le hinfheistiú) (3M) ag na Sasanaigh ach ba iad na hAlbanaigh ba dhiongbháilte mar phlandóirí (3M) (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN a raibh an phlandáil ina cúis le hachrann idir an pobal dúchasach agus na daoine nua (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

A1. Séamas (Séamas II, Stuart na hAlban) (6)
A2. Alba/ Albain (6)
A3. Cosaint agus áthas (6)
A4. Maslaí agus fearg (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN faoi rath Shéamais in Éirinn in 1690 (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Éire: Topaic 5

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ardtréas (3m) agus éirí amach (3M) | (6) |
| A2. | Mar gheall nár tháinig príomhfhinné (John Bridge) i láthair | (6) |
| A3. | Comhpháirteach i ndúnmharú (an fhinné a bhí ar iarraidh) | (6) |
| A4. | Fuarthas go raibh sé (an tAthair Sheehy) ciontach | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN a dtéadh mic léinn thar lear chun staidéar a dhéanamh don tsagartacht | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 200 | (6) |
| A2. | Sráid Winetavern | (6) |
| A3. | Cumhacht uisce (3M) agus cumhacht gaile (3M) | (6) |
| A4. | £350,000 | (6) |
| A5. | Teicstíl AMHÁIN, seachas cadás, a dhéantaí i mBéal Feirste an tráth sin | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)*

Ceisteanna le freagairt ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An ceart trádáil a dhéanamh leis an Domhan Nua | (6) |
| A2. | Chun an trádáil go léir (soithí, earraí, paisinéirí) idir an Spáinn agus na hIndiacha a rialú | (6) |
| A3. | Príomhloingseoir/ Freagracht as ceadúnas a thabhairt do chaptaein loinge | (6) |
| A4. | Léarscáileanna de bhealaí agus de chríocha thar lear | (6) |
| A5. | DHÁ thráchtearraí ón Domhan Nua (@ 3M an ceann) a tugadh i dtír in Sevilla | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag dhéanach, 1567 1609**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Gaileon | (6) |
| A2. | Don Francisco de Toledo | (6) |
| A3. | Bhí caidéil na loinge briste (3M) agus bhí a rigín stiallta (3M) | (6) |
| A4. | Teacht i ngar dó | (6) |
| A5. | Éifeacht AMHÁIN de chloí an Armada ar an Spáinn | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Dul ar gcúl na Sean Eorpa, 1609 1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Comhlacht Dúitseach na hIndia Thoir | (6) |
| A2. | Jon Pieterzoon Coen | (6) |
| A3. | Trí Oileáin Banda a ghabháil | (6) |
| A4. | Chun an praghas a choinneáil ard (an soláthar a laghdú) | (6) |
| A5. | Tír iomaíoch AMHÁIN amhail Sasana nó an Spáinn | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660 1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | (Cor) saighdiúirí gairmiúla | (6) |
| A2. | Seirbhís mhíleata éigeantach | (6) |
| A3. | Saol | (6) |
| A4. | Coisithe/ saighdiúirí coise | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN ar thóg Peadar cathair nua ar bhruach Mhuir Bhailt | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715 1775**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Denis Diderot (3M) agus Jean d'Alembert (3M) | (6) |
| A2. | Ealaín agus ceardaíocht | (6) |
| A3. | Na heolaíochtaí | (6) |
| A4. | Toisc gur cheap an rialtas go raibh a lán de na hailt á gcáineadh. | (6) |
| A5. | Sainmhíniú gairid agus soiléir ar an Eagnaíocht | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775 1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 19 | (6) |
| A2. | Ardtréas | (6) |
| A3. | Mar gheall gurbh Ostarach í/nárbh Fhrancach í/ bhíothas in amhras go raibh sí i bpáirt le naimhde na Fraince | (6) |
| A4. | Daoradh chun báis í/cuireadh chun báis í/cuireadh chun báis ar an ngilitín í | (6) |
| A5. | Sainmhíniú gairid agus soiléir ar Ré an Uafáis | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc